


# Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann  
Irish Tax and Customs

---

**Doiciméad ina dtugtar treoir i leith dliteanais íocaíochta agus roghanna íocaíochta ÍMAT Párolla Fostóra.**

## 1. Cuspóir an doiciméid

Tugtar eolas sa doiciméad seo ar an dliteanas párolla dlite le haghaidh íocaíochta a dheimhniú, chomh maith le treoir i leith na roghanna íocaíochta atá ar fáil.

## 2. Dualgais fostóra

Ní mór d'fhostóirí [faisnéis phárolla a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim](#) nuair a íoctar fostaithe, nó roimhe sin.

Ní mór d'fhostóirí an dliteanas amuigh a íoc [ar a ndáta dlite íocaíochta, nó roimhe sin](#) de réir a dtréimhse íocaíochta, de ghnáth faoin 23ú den mhí. Tá tuilleadh eolais faoi íocaíochtaí ar fáil i gCaibidil 18 [Treoir d'Fhostóirí i leith ÍMAT](#) agus ar [Revenue.ie](#).

Ní mór d'fhostóirí a bhfuil breis agus clárúchán amháin acu mar fhostóir (clárúchán ÍMAT Fostóra) a chinntiú go gcomhlíonann siad a ndualgais i leith gach ceann dá gclárúcháin fostóra.

## 3. Dliteanas Dlite

- Féadann fostóirí úsáid a bhaint as an Ráiteas Cuntais in ROS chun féachaint ar a ráitis phárolla agus a dtuairisceáin phárolla. Léireofar ar an Ráiteas Cuntais na dliteanas agus na bailiúcháin (íocaíochtaí) a dhéantar i leith gach mí. Ní léireofar íocaíochtaí atá socraithe le haghaidh dáta amach anseo go dtí go bpróiseálar iad ar an dáta sin. Léiríonn an t-iarmhéid an t-iarmhéid reatha is gá a íoc faoin dáta dlite íocaíochta.

	Start Date	End Date	Payment Due Date	Liability €	Collections €	Balance €	Status	Action
^ 2019								
^ Monthly								
Return	01/01/2019	31/01/2019	14/04/2019	4,188.81	0.00	4,188.81	Accepted	<a href="#">View Return</a>
Transaction Type			Updated	Liability Effect €	Collections Effect €			
Statement			02/02/2019	4,188.81 <sup>1</sup>	0.00			
Accepted Return			05/02/2019	4,188.81	0.00	<a href="#">View Return</a>		

<sup>1</sup> Liability is only established when a statement has been accepted or deemed a return

<sup>2</sup> Payments will not be reflected in the period balance until the Monthly Statement is Accepted or Deemed

<sup>3</sup> There is an Assessment in the period which will not be displaced by a return

- Tabhair do d'aire: Toisc nach ndeimhnítear an dliteanas míosúil go dtí go ndéantar tuairisceán, roimh an ráiteas a bheith glactha nó measta mar an tuairisceán, ní léireofar na dliteanas ar an ráiteas san iarmhéid sa Ráiteas Cuntais. Féadfaidh fostóirí an bhliain agus na míonna a leathnú amach le go bhfeicfidh tú briseadh síos ar na ráitis mhíosúla, tuairisceáin, creidmheasanna agus íocaíochtaí atá mar cuid den Ráiteas Cuntais.
- Má tá luachanna an Ráitis Cuntais éagsúil uaidh siúd a mbítear ag súil leo, ní mór don fhostóir athbhreithniú a dhéanamh ar na tuairisceáin agus aon cheartúcháin riachtanacha a thíolacadh. Le haghaidh tuilleadh eolais féach an treoir [Ábhair Reatha](#) ina dtugtar cur síos ar na cúiseanna coitianta le ráiteas a bheith éagsúil ón méid a mbítear ag súil leis agus tugtar treoir ann ar an gcaoi leis na difríochtaí seo a cheartú.

## 4. Bailiúcháin (Íocaíochtaí)

- Léireofar íocaíochtaí sa Ráiteas Cuntais nuair a bheidh íocaíocht faighte ag na Coimisinéirí Ioncaim, seachas íocaíochtaí atá socraithe le haghaidh dáta amach anseo (féach 3 thuas).
- Nuair a bheidh siad go hiomlán próiseáilte, léireofar ar an Ráiteas Cuntais na íocaíochtaí a

dhéantar le cárta creidmheasa nó dochair. Is iondúil gurb é seo an lá tar éis an íocaíocht cárta creidmheasa/dochair a bheith déanta.

- Nuair a bheidh siad próiseáilte ar an dáta asbhainte, taispeánfar ar an Ráiteas Cuntais na hÍocaíochtaí a rinneadh de bhun Treoir Dochair ROS (RDI), Dochar Díreach, nó de bhun Dochar Díreach Athraitheach.
- Taispeánfar ar an Ráiteas Cuntais gach íocaíocht a thagann ar ais gan íocaíocht ón mbanc.
- Ba chóir d'fhostóirí a mbosca isteach ROS a sheiceáil le haghaidh admhálacha íocaíochta sa chás go bhfuil imní ann go ndearnadh íocaíocht agus nach bhfuil sé ar thaispeáint sa Ráiteas Cuntais fós.
- Taispeánfar anseo chomh maith gach creidmheas agus aistriú ó chánacha eile nó clárúcháin eile ón uair a bheidh siad curtha i bhfeidhm.
- Ón 15ú den mhí, leithdháilfear íocaíochtaí i leith dliteanas san ord seo a leanas, agus cuirfear gach creidmheas fanta i dtreo gach dliteanas eile atá fós ann:
  1. An dliteanas ÍMAT Fostóra den mhí is reatha don uimhir clárúcháin reatha.
  2. Aon dliteanas ÍMAT Fostóra ó mhí roimhe don uimhir clárúcháin reatha.
  3. Aon dliteanas ÍMAT Fostóra roimhe seo nó reatha do uimhir/uimhreacha clárúcháin eile ÍMAT Fostóra don chustaiméir céanna.
  4. Aon dliteanas cánach roimhe seo nó reatha (seachas ÍMAT Fostóra) d'aon uimhir chlárúcháin don chustaiméir céanna.
  5. Aisíocfar an t-iarmhéid fanta faoi réir rialacha na gCoimisinéirí Ioncaim.

## **5. Dochar Díreach Athraitheach (DDA)**

- Sa chás go dtugtar údarú do na Coimisinéirí Ioncaim, asbhainfear luach an dliteanas mhíosúil ó chuntas bainc an fhostóra. Baileoidh an DDA an t-iarmhéid amuigh don tréimhse reatha amháin.
- Féadtar gach DDA a údarú chun an t-iarmhéid amuigh a bhailiú le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na clárúcháin ÍMAT Fostóra. Féadfaidh fostóirí a bhfuil clárúcháin iomadúla acu rogha dhéanamh DDA gníomhacha iomadúla a bheith acu. Ligeann sé seo don fhostóir cuntas bainc a shonrú le haghaidh gach Clárúcháin ÍMAT Fostóra.
- Baileofar an íocaíocht DDA ón gcuntas bainc ar an 3ú lá oibre deireanach den mhí (dáta asbhainte). Ní mór d'fhostóirí a chinntiú go bhfuil dóthain airgid ar fáil ar an dáta sin. Má theipeann ar an mbailiú, ní dhéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aon iarracht amháin eile é a bhailiú le DDA agus ní mór d'fhostóirí an dliteanas a íoc trí mhodh íocaíochta eile.
- Beidh an luach iarrtha bunaithe ar an iarmhéid dliteanas amuigh ar an Ráiteas Cuntais, amhail an 5ú lá oibre deiridh den mhí (2 lá roimh an dáta asbhainte).
- Ní oibreoidh an DDA ach amháin ar dhliteanas na míosa is reatha, mar shampla is ionann tsuim a iarrfaí ar an 26 Feabhra 2019 agus an t-iarmhéid dliteanas do phárolla mhí Eanáir amhail Dé hAoine an 22 Feabhra 2019.
- Ní mór dliteanas amuigh le haghaidh gach mí roimhe a íoc le modh íocaíochta eile seachas le DDA. Féach ar rannán 6, 'Íocaíocht a Dhéanamh' thíos.
- Toisc go bhfeidhmíonn an scéim DDA ar bhonn míosúil, tiontófar isteach na n-íocóirí míosúla aon íocóirí ráithiúla agus bliantúla a shíníonn suas le haghaidh na scéime DDA. Tiocfaidh sé seo i bhfeidhm ón dáta a shínítear suas i gcás íocóirí bliantúla agus ón gcéad mhí den ráithe ina

dhíaidh sin i gcás íocóirí ráithiúla.

- Ba chóir d'fhostóirí a bhfuil socraíochtaí reatha Dochair Dhíreach acu [athbhreithniú a dhéanamh orthu seo](#) agus iad ag clárú le haghaidh DDA.
- Tá treoracha ar fáil faoin gcaoi lena bhféadtar [Dochar Díreach Athraitheach a chur ar bun](#) ar fáil ón rannán Íocaíochtaí agus Aisíocaíochtaí ar ROS.
- Chun am a chur ar leataobh le hé a chur ar bun, aon fhostóirí ar mian leo síniú suas le haghaidh an DDA nó sainordú DDA reatha a leasú, ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil an próiseas sínithe suas/leasaithe DDA críochnaithe acu faoin 10ú lá oibre deiridh den mhí (seacht lá oibre roimh an dáta asbhainte). Beidh modhanna íocaíochta eile fós ar fáil, amhail cártaí creidmheasa/dochair.

## 6. Íocaíocht a Dhéanamh

- Ní mór d'fhostóirí an dliteanas amuigh a íoc [ar a ndátaí dlite íocaíochta, nó roimhe sin](#) de réir a dtréimhse íocaíochta, de ghnáth faoin 23ú lá den mhí.
- Má ghlacann an fostóir le ráiteas in ROS, tabharfar an rogha dóibh [íocaíocht a dhéanamh nó a shocrú](#) ag an tráth sin.
- De rogha air sin, féadtar fostóirí [íocaíocht amháin nó níos mó a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim ar ROS](#) ag tráth ar bith ach ní mór dóibh a chinntiú go ndéantar íocaíocht dhóthanach faoin dáta dlite íocaíochta.
- Féadfaidh sé nach léiríonn na figiúirí réamhlíonta ar an scáileán íocaíochta go hiomlán gach fritháireamh, íocaíocht ar chuntas nó coigeartuithe eile. Ní mór d'fhostóirí a bheith sásta gurb iad na luachanna íocaíochta a cuireadh isteach na luachanna íocaíochta cearta is mian leo a dhéanamh.

### Enter Values

Please enter the amount you would like to pay.

The pre-populated figures below are based on payroll submissions received in the period. Please note they do not reflect payments made for the period.

#### Income Tax

Please enter an amount for Income Tax

€ 100.00

#### PRSI (Employer & Employee)

Please enter an amount for PRSI

€ 100.00

#### USC

Please enter an amount for USC

€ 100.00

#### LPT

Please enter an amount for LPT

€ 100.00

← Back

Next →

- Féadtar an dliteanas a íoc de bhun aon cheann de na modhanna seo a leanas
  - Dochair Díreach Athraitheach (DDA)
    - Íocfar an t-iarmhéid míosúil amuigh go huathoibríoch ó do chuntas bainc.

- [Dochar Díreach Seasta](#) (DDS)  
Íocfar suim sheasta go huathoibríoch ó do chuntas bainc gach mí.
  - Treoir Dochair ROS (RDI)  
Féadtar iarratas íocaíochta a chur isteach chun suim shonrach a íoc ar dháta sonrach.
  - [Cárta Creidmheasa nó Cárta Dochair](#)  
Féadtar íocaíocht a dhéanamh le do chárta creidmheasa nó cárta dochair – tabhair do d’aire go bhféadfaidh sé go bhfuil teorainneacha íocaíochta ar chártaí
  - [Treoir Dochair Aonair](#)  
Féadtar íocaíocht a dhéanamh le sonraí do chuntais bainc.
- Le haghaidh tuilleadh eolais ar an réimse modhanna íocaíochta atá ar fáil, féach ar [Bealaí chun íocaíocht a dhéanamh ar ROS](#) agus ar [Cén chaoi le do dhliteanas a íoc](#) leis na Coimisinéirí Ioncaim.
  - Ba chóir d’fhostóirí a mbosca isteach ROS a sheiceáil le haghaidh admhálacha íocaíochta sa chás go bhfuil inní ann go ndearnadh íocaíocht agus nach bhfuil sé ar thaispeáint sa Ráiteas Cuntais fós.
  - Má bhaineann fostóirí leas as an scéim [dochair dhíreach sheasta](#), ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil na híocaíochtaí míosúla carnacha dóthanach chun an dliteanas bliantúil a chlúdach agus chun [dualgais na scéime](#) a chomhlíonadh.

## 7. Breis eolais

Má tá deacrachtaí agat do dhliteanas a íoc, ba chóir duit [teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim](#) láithreach.

Chun cabhrú le fostóirí, tá eolas ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le [dualgais fostóra agus daoine á bhfostú](#), ina theannta sin, sonraítear an próiseas ÍMAT sa [Treoir d’Fhostóirí maidir le ÍMAT](#).

Má bhíonn deacrachtaí ag fostóirí a ndualgais a chomhlíonadh nó má tá ceisteanna acu maidir le híocaíochtaí, is féidir leo an tseirbhís slán [M’Fhiosruithe](#) a úsáid chun dul i dteagmháil linn.

Le cinntiú go seoltar d’fhiosrú fostóra don fhoireann cheart, roghnaigh ‘ÍMAT Fostóra’ le haghaidh ‘Baineann M’Fhiosrú le’ agus ansin an rogha is gaire ó ‘Agus níos beaichte’.